


# Leabhrán na nAchoimrí

1. Aengus Ó Fionnagáin **Ómós áite: Bailiuchán na Scol agus mionlogainmneacha na hÉireann**

   5000 scoil a ghlac páirt i Scéim Bhéaloideas na Scol i 1937-8. Iarradh ar na daltaí béaloideas agus traidisiúin áitiúla a bhailiú faoi 55 cheannteideal i leabhrán treorach a cuireadh ar fáil do gach scoil. ‘Áit-ainmneacha’ ab ea ceann de na ceannteidil sin agus seo mar ar iarradh ar na daltaí mionlogainmneacha a bhailiú. Áit-ainmneacha: Scríobh síos liosta dos na h-ainmneacha atá ar gach páirc, sruthán, cnocán, logán, carraig mhór etc., ar fheirm t’athar sa bhaile. Má tá scéal le h-insint i dtaobh an tslighe baisteadh na h-ainmneacha san ortha scríobh síos é … Dá mhéid agus dá dhlúithe a bhaineas an scéal leis an áit ‘seadh is tábhachtaighe é do scríobhadh síos. (Béaloideas Éireann 1937: 13). I bhformhór na scoileanna chuir ar a laghad dalta amháin liosta ainmneacha páirce agus mionlogainmneacha eile ar fáil. I mórán cásanna ba é seo an chéad uair a breacadh síos na hainmneacha seo in áit ar bith. Is í an chartlann seo an t-aon suirbhé mórscála ar mhionlogainmneacha na hÉireann atá ar fáil, agus cé gurb iomaí suirbhé logánta atá déanta ag taighdeoirí gairmiúla agus grúpaí pobail ar limistéir áirithe le 50 bliain anuas, is minic nach ann ach í. Déanfar mionscagadh ar an ábhar a bailíodh i gcontae amháin sa pháipéar seo, mar eiseamláir. Féachfar freisin ar ábhar samplach as roinnt contaetha eile. Tabharfar aghaidh ar ghnéithe áirithe den chartlann seo, mar atá (1) na deacrachtaí a bhaineann le hadhmad a bhaint as foirmeacha logainmneacha a bhreac páistí scoile síos i litriú ad-hoc ar meascán é de litriú na Gaeilge agus an Bhéarla go minic. (2) Ionadaíocht an ábhair a bailíodh ar líon agus ar réimse na mionlogainmneacha a bhí sa chúrsaíocht ag an am.

2. Dorothy Ní Uigín**, Oidhreacht léinn agus litríochta an Ollaimh Breandán S. Mac Aodha**

   Bhí Breandán S. Mac Aodha (1934–2001) ar dhuine de na scoláirí is tábhachtaí a rinne staidéar ar logainmneacha na hÉireann san fhichiú haois. Bhí sé ina chéad ollamh le Tíreolaíocht in Ollscoil na Gaillimhe agus ina chomhbhunaitheoir ar *Studia Hibernica.* I measc a chuid foilseachán i réimse na háitainmníochta tá ‘Gnéithe d'áitainmníocht chósta na hEireann’ (*Féilscríbhinn Ghearóid Mhic Eoin*, 2013); ‘Children’s burial grounds in Ireland, with particular reference to Co. Galway’ (*Nomina*, 1986); ‘Some aspects of the toponymy of the Aughanduff-Slieve Gullion area in South Armagh’ (*Ainm* 1998/99) i measc iliomad alt eile. Bhí sé ina stiúrthóir ar *An tSuirbhéireacht ar Ghaeltacht na Gaillimhe* agus is é a thiomsaigh *Foclóir Tíreolaíochta* (1972) agus *Tíreolaíocht agus Pleanáil* (1981). Pléifear a oidhreacht i réimse na háitainmníochta sa pháipéar seo, ach chomh maith leis

sin, breathnófar freisin ar ról na logainmneacha i bhfilíocht Mhic Aodha. Chleacht sé ceird na filíochta i gcaitheamh a shaoil, agus breathnófar ar roinnt dá chuid dánta anseo. Breathnófar go sonrach ar an gcnuasach filíochta *Uaimheolaíocht* a d'fhoilsigh sé in 2000, bliain sular bhásaigh sé, agus ar thábhacht an ómóis áite a léirítear ansin.

3. Síle Ní Choincheannain*,* **An léarscáil san úrscéal stairiúil**

Ómós áite ar leith agus uirlis thar a bheith spéisiúil is ea an úsáid a bhaintear as an léarscáil san úrscéal stairiúil. Ní hamháin go gcuireann sí go mór le réalachas an úrscéil ach uirlis í 'by which fiction attempts to escape its own fictionality' (Bushell, 2020). In *Fontenoy* (Mac Cóil, 2005) agus in *Ceallach* (Johnson, 2023) tá sé i bhfad Éireann níos fusa an plota a chreidiúint agus na saighdiúirí nó na manaigh á samhlú againn nuair a chímid an tírdhreach a siúladh agus iad ag dul chun cogaidh nó i mbun taistil. In ainneoin gur bréagchruthú atá sna carachtair san úrscéal *Fontenoy*, siúlann siad fíor láthair catha. Díríonn sé seo aird an léitheora ar a gcailltear sa stair, stair na cosmhuintire ach go háirithe. Scéal is ea an úrscéal stairiúil ina ndéantar cur síos ar ré staire ina mbíonn idir an fhírinne agus an ficsean fite fuaite le chéile sna heachtraí éagsúla ann agus gné eile den úrscéalaíocht stairiúil a mheascann an fhírinne agus an ficsean le chéile í an léarscáil. Baineann an t-úrscéalaí mór le rá i litríocht an Bhéarla, Bernard Cornwell, an-úsáid as léarscáileanna in a saothair chomh maith, agus seo a bhfuil le rá ag de Groot faoin úsáid sin:

> They allow us to suggest that there is a dynamic interaction between the 'reality' of the map and the 'fiction' of Sharpe's actions with it. They further suggest that the map is a metonym for History and Sharpe's actions for the historical novel (2010: 84).

Déanfar scagadh sa chaint seo ar úsáid na léarscáileanna in úrscéalta stairiúla na Gaeilge agus an bhisiúlacht a bhaineann leis.

4. Deirdre Nic Mhathúna, **'Bean dúchais mo Dhún an Óirse' - feidhm logainmneacha i bhfilíocht ón seachtú haois déag**

Sa pháipéar seo, pléifear an úsáid a bhaintear as logainmneacha i saothar bheirt fhilí ón seachtú haois déag - Piaras Feiritéar (c.1600-c.1652) agus Pádraigín Haicéad (1604-1654). Féachfar ar chineál agus ar mhinicíocht na samplaí agus fiosrófar an fheidhm atá leo. Samplaí suaithinseacha den ról mothúchánach a éiríonn as úsáid logainmneacha i bhfilíocht na seachtú haoise déag is ea an líne 'bean dúchais mo Dhún an Óirse' i marbhna le Piaras Feiritéar agus an dán gearr 'Isan bhFraingc im dhúsgadh damh' le Pádraigín Haicéad. Beidh an ceangal seo idir ainmniú áiteanna agus cur in iúl na mothúchán i measc na bhfeidhmeanna le húsáid logainmneacha san fhilíocht a ndéanfar cíoradh orthu.

5. Stiofán Ó Briain, **'Mo shlán duit, a Mhuirisc': Dúil agus Dualgais an Imircigh Fhirinn in 'Tnúthán an Dúchais' le Máirtín Ó Cadhain**

   Is minic go ndéantar neamhshuim de ghearrscéalta luatha Mháirtín Uí Chadhain, na scéalta sin a foilsíodh sa chéad dá chnuasach óna pheann, *Idir Shúgradh agus Dáiríre* (1939) agus *An Braon Broghach* (1948). Mar atá ráite ag Gearóid Denvir, "ní bréag ar bith a rá gur beag féineolas atá ag carachtair Uí Chadhain sa saothar luath" (1987, 37). Ach tá luach ag baint le cuid de na gearrscéalta seo sa tslí go gcaitheann siad solas ar dhionaimicí sóisialta agus cultúrtha a bhí ag titim amach in Éirinn an fichiú haois, mar shampla, ceist na himirce agus an inscne. Tarraingeoidh an páipéar seo aird úr ar luathscéal amháin de chuid an Chadhnaigh, 'Tnúthán an Dúchais', a foilsíodh in *An Braon Broghach*. Féachfar ar chumha an imircigh i ndiaidh an bhaile agus láithreacht bhuan na háite dúchais ina intinn. Pléifear freisin an chaoi a n-imríonn tuiscint thraidisiúnta na fireannachta agus na dualgais a bhaineann léi tionchar ar mheon agus ar iompar an imircigh agus é ag déileáil leis an díláithriú fisiciúil agus cultúir. Déanfar iniúchadh chomh maith ar ionramháil an laochais agus ar fheidhm na hamhránaíochta sa ghearrscéal. Tógfaidh an páipéar seo ar mo thaighde dochtúireachta ar thaibhithe fireannachta i ngearrscéalaíocht Uí Chadhain.

   *Tagairt*: Denvir, Gearóid (1987) *Cadhan Aonair: Saothar Liteartha Mháirtín Uí Chadhain.* Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

6. Chris McCann, **'Mo mhallacht ar na curachaí': feidhm na n-amhrán ómóis áite i saothar Mháirtín Uí Chadhain**

   Téama lárnach san amhránaíocht thraidisiúnta is ea an t-ómós áite. Tá léirithe ag Lillis Ó Laoire, agus 'Amhrán Mhaínse' faoi chaibidil aige, gur féidir leis an amhránaíocht 'laincisí na logántachta' a shárú (2016: 190). Tá mar a bheadh contanam idir an logántacht agus an uilíocht i dtaibhléiriú agus i léirmhíniú na hamhránaíochta. Ba mhaith ab eol do Mháirtín Ó Cadhain é seo: in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca,* luaitear 'Amhrán na Trá Báine' mar eiseamláir dá iarracht 'leis an gcomhthionól dar dhual mé féin a léiriú'; sa léacht 'Béaloideas', samhlaítear an t-amhrán céanna mar chosaint in aghaidh an díláithrithe chultúir atá mar thoradh ar an imirce agus ar phróiseas an domhandaithe. Ina shaothar ficsin, suíonn Ó Cadhain a chuid carachtar laistigh den chontanam spásúil-cultúrtha seo trí fheidhm a bhaint as tagairtí d'amhráin a bhfuil an t-ómós áite lárnach iontu. Feidhmíonn amhráin sa gcaoi sin sna gearrscéalta 'Tnúthán an Dúchais' ('Muirisc') agus 'An Bhearna Mhíl' ('Doire Néidh Chasla'), agus tá rianta 'Amhrán Mhaínse' le sonrú in *Cré na Cille*, gan ach cúpla sampla a thabhairt. Sa bpáipéar seo, déanfar iniúchadh ar an gcaoi a gcuireann na hamhráin seo le siombalachas, carachtracht, agus brí fhicsean an Chadhnaigh. Cíorfar freisin an t-imeartas spáis agus ama a tharlaíonn agus amhrán á lua san insint, agus na himpleachtaí atá aige seo d'eispéireas an léitheora.

7. Diarmaid Ó Maoileoin, **Ómós áite i gcomhthéacsanna uirbeacha - Sracfhéachaint ar ghnás ainmnithe na sráidainmneacha.**

   Díol spéise a bhí sna logainmneacha do mhuintir na hÉireann ar feadh na gcéadta bliain agus ba mhór i gceist an dinnseanchas a rinne cur síos ar bhrí agus ar bhunús na logainmneacha seo idir bhailte fearainn, pharóistí, bharúntachtaí agus eile. Ach ó tharla gur i gceantair uirbeacha atá mórchuid de phobal na hÉireann ina gcónaí sa lá atá inniu ann, níl de rogha ann i ndáiríre ach aird a dhíriú anois ar logainmneacha uirbeacha. Léiriú ar leith iad na sráidainmneacha ar chúrsaí sóisialta agus ar dhearcadh cultúrtha a bhain leis an tréimhse inar cumadh iad, ar mheon na ndaoine i dtréimhsí éagsúla i stair na tíre agus ar ghnásanna ainmnithe nua atá tagtha chun cinn sa tsráidainmníocht le roinnt blianta. Caithfear súil sa phíosa cainte seo ar ghnás ainmnithe na sráidainmneacha idir ainmneacha tuairisciúla, comórtha, ainmneacha ón iasacht agus ainmneacha dúchasacha. Díreofar ar shráideanna na Gaillimhe go sonrach agus ar an léargas stairiúil atá le fáil iontu.

8. Úna Bhreathnach**, Meitheal Logainm.ie agus caomhnú loirg áite**

   Sa chaint seo labhrófar faoi thionscadail caomhnaithe agus bailithe logainmneacha na tíre seo. Cuirfear an leagan nua de Meitheal Logainm.ie, leagan atá feabhsaithe go suntasach i mbliana, i láthair. [Nóta: níl an leagan seo seolta fós ar líne, ach beidh faoi aimsir na Comhdhála!] Léireofar an phráinn agus an gá atá le caomhnú eolais den tsaghas seo, agus taispeánfar cúpla sampla den chineál oibre logainmníochta – obair pobail, obair teanga, agus obair ómóis áite – is féidir a bhunú ar uirlis ar nós Meitheal Logainm.ie.

9. Liam Mac Mathúna, ***Caithréim Thoirdhealbhaigh* agus *Stair Éamuinn Uí Chléire*: Dearcadh Tuaithe agus Dearcadh Cathrach ar Áiteanna agus ar Ainmneacha Áite**

   Déanfar iniúchadh sa pháipéar seo ar na tuiscintí a léiríonn *Caithréim Thoirdhealbhaigh* (Tuamhain, *c.*1350) agus *Stair Éamuinn Uí Chléire* (Baile Átha Cliath, *c.*1710) ar áiteanna agus ar ainmneacha áite. Maidir le *Caithréim Thoirdhealbhaigh*, breithneofar an chodarsnacht idir an cur síos ar an gcogaíocht leanúnach fhuilteach is príomhábhar don téacs suaithinseach seo, agus an friotal fileata a chuireann an t-údar ar a bhraistint aeistéitiúil i dtaobh áilleacht an taoibh tíre (cf. *ós tírthaib taithnemacha taobáilne Tuadmuman*; *mínchlár maothuaine múrghlégel Maonmaige*; *go ndernatar aontonn ar crith do'n cháimthír ó chill Dalua go léim Conculainn*; *tugatar na bloidig bás Póil ... ar Lochlainn ar in láthair sin .i. a chenn do bádhad iarna bhuain dá cholainn*). Ar na gnéithe de róil na hainmníochta a scrúdófar in *Stair Éamuinn Uí Chléire*, tá an láimhseáil a dhéantar ar na haonaid éagsúla áite de réir mar a bhogann an insint ó iarthar na tíre go dtí suímh uirbeacha Bhaile Átha Cliath, agus na féidearthachtaí cruthaitheacha a spreagann ilbhríonna logainmneacha áirithe (cf. *Ros cochorum Comáin / Ros an mhaide chaim*; *Áth Thús na Seachtmhaine Baile Átha Luain*; *Achadh*

*an Droma dá ngoirthear anois Sráid San Tomás i ndorus Átha Cliath*; *Nead na nEun Aduadhain … dá ngoirthear go coitcheann an Phéinics*). Tagrófar d'ainmneacha eile i gcorpas mhuintir Neachtain de réir mar a oireann don phlé.

10. Aodh Ó Coileáin, **Tabhair mo ghrása do shráid an bhaile mhóir! Ómós áite uirbeach mar a gcleachtaítear é san aiste físe agus san aiste fuaime.**
    Ina aiste 'Ómós áite: a rian ar scríbhneoirí in Éirinn', *Comhar*, 51(5), áitíonn Seán Ó Tuama go bhfuil na háiteanna úd i litríocht thraidisiúnta na hÉireann a n-gráítear agus a ndéantar adhradh orthu lonnaithe faoin dtuath den chuid is mó: paróiste Uíbh Laoghaire, mar shampla, seachas cathair Chorcaí. Ar chúis amháin a luann sé leis seo, tá athlonnú na muintire ó áiteanna amuigh faoin dtír go ceantair uirbeacha, ach súil i gcónaí (ag líon áirithe!) ar áit dhúchais na seanmhuintire. Bíodh is gur tháinig ardú ar líon na ndaoine atá ag cur fúthu faoin dtuath (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2023), díreoidh an páipéar seo ar léiriú na mothúchán a ghineann ómós áite i gcomhthéacs uirbeach. Mhaígh Ó Tuama go léiríonn luachanna James Joyce, sa bhealach a thaobhnaigh sé Baile Átha Cliath ina chuid oibre, go raibh sé níos giorra de thraidisiún págánach an dinnsheanchais ná mar a síltear. Ag cur ceangal diamhair Joyce lena áit dhúchais san áireamh, d'fhéadfaí a áiteamh gurbh é fear Bhaile Átha Cliath an scríbhneoir Éireannach is traidisiúnta a chur peann le pár riamh i gceachtar de dhá theanga oifigiúla an Stáit. Tá an focal ina bhandia agus ina dhia i gcónaí ach tá an t-aitheantas a thugtar do thaighde a ndéantar le cabhair na físe agus na fuaime ag dul i dtreise. Bainfear leas mar chuid den chur i láthair áirithe seo as míreanna éagsúla ó shaothar cruthaitheach an údair.

11. Painéal Cainteoirí: Seán Mac Corraidh, Padaí de Bléine agus Fearghal Mac Bhloscaidh. **Ómós Áite i saothar Mháire**
    Beidh triúr as Coláiste Ollscoil Naomh Muire, Béal Feirste ag reáchtáil painéil 40 bomaite ar an Ghriannach agus ómós áite. Ar dtús báire, beidh an Dr Seán Mac Corraidh ag plé lena chuid scéalaíochta go ginearálta ar an ábhar úd agus Padaí de Bléine ag caint ar ómós áite mar atá léirithe go sainiúil i Mo Dhá Róisín maidir le teanga, teaghlach, tírdhreach, tírghrá agus traidisiún. Tá sé beartaithe ag an Dr Fearghal Mac Bhloscaidh labhairt fá dtaobh den leabhar staire, Feara Fáil, ar an téama den díshealbhú agus an díláithriú cultúir ina bpléifear leis an choncas agus coilíniú in Ulaidh mar láithreán coilíneach agus spás díchoilínithe tríd anailís ar na caibidlí a bhaineann le clann Uí Néill agus le clann Uí Dhomhnaill. Cuirfear na cainteanna seo le chéile mar gheall ar thaighde idirdhisciplíneach atá idir chamáin ag an triúr a bhaineann le saothar Mháire agus an stair, an chritic liteartha, an teangeolaíocht agus an tumoideachas. Mar chuid den tionscadal, feidhmeoidh saothar Mháire mar ábhar taighde agus gléas oideachasúil in aon dul amháin.

12. Laoighseach Ní Choistealbha. **Ómós Áite agus Léarscáil Fhileata Bhiddy Jenkinson**
Deirtear go bhfuil ceangal nach beag le sonrú idir filíocht na Gaeilge agus an t-ómós áite. Tá a leithéid soiléir ó fhilíocht Chathal Uí Shearcaigh, mar shampla, atá lán de logainmneacha Dhún na nGall, ach caidé faoin fhile a scríobhann faoin ainm cleite 'Biddy Jenkinson'? Mar chuid de mo thaighde dochtúireachta, rinneadh suirbhé cainníochtúil agus cáilíochtúil ar dhánta uile an fhile seo (c.290 dán), bunaithe ar an taithí a fuarthas ar an togra taighde *Republic of Conscience: Human Rights and Modern Irish Poetry.* Rinneadh taifeadadh ar ábhar/thopaicí sna dánta a bhaineann le téama lárnach mo thaighde féin .i. an Éicichritic. Cuid thábhachtach den téama seo is iad na logainmneacha agus na hainmneacha áite a úsáideann Biddy Jenkinson ina cuid filíochta, maille leis na hainmhithe, plandaí, agus carachtair ón mhiotaseolaíocht a ainmnítear inti. Pléifidh an cuir i láthair seo léarscáil fhileata Bhiddy Jenkinson .i. na háiteanna a léirítear ina cuid filíochta, ó siopa Superquinn go Oileán Hydra na Gréige, mar aon le 'suíomh' na ndánta (an bhfuil siad lonnaithe taobh istigh nó taobh amuigh, cuir i gcás). Déanfar na suíomhanna 'miotaseolaíocha' agus na suíomhanna i ndomhan ár linne sna dánta a scagadh freisin.

13. Tony Ó Floinn, **'Pathetic homesickness' nó 'profound attachment' – tús athbhreithnithe ar léamh *Emigrants and Exiles* ar shaothar Phádraig Phiarais Cúndún (1777-1857)[1]**
In 2025 beidh dhá scór blianta ann ó foilsíodh an leabhar iomráiteach *Emigrants and Exiles* le Kerby A. Miller – leabhar a d'imir agus a imríonn tionchar ar na slite ina dtuigtear an imirce ó Éirinn go Meiriceá agus ina dtuigtear na himircigh féin. I measc bhuanna eile an leabhair, chuaigh Miller i ngleic le foinsí Gaelainne agus le saothar Phádraig Phiarais Cúndún go háirithe. Feirmeoir is file ab ea é an Cúndúnach a d'fhág oirthear Chorcaí lena theaghlach sa bhliain 1826 chun dul go Meiriceá – bhain na litreacha is na dánta a sheol sé abhaile cáil amach de dheascaibh teirce na bhfoinsí Gaelainne ó Mheiriceá Thuaidh roimh is le linn an Ghorta Mhóir. Fite fuaite leis an mórmholadh a tugadh do *Emigrants and Exiles*, áfach, léirigh líon teoranta de léirmheastóirí is d'acadóirí míshuaimhneas i dtaobh roinnt de théiseanna Miller i dtaobh na nÉireannach Caitliceach agus iad siúd a bhí ina gcainteoirí dúchais Gaelainne go háirithe: 'a distinctive Irish Catholic worldview rooted deeply in Irish history and culture' 'with certain psychological ... disadvantages,' 'a crippling poverty of ambition and spirit' agus 'an absurd attachment to the soil on which they were born', mar shampla.[2] Cuirfidh an páipéar so tús le hathbhreithniú ar an úsáid a bhaineann Miller as saothar an Chúndúnaigh in *Emigrants and Exiles*. Scrúdófar an léamh a dheineann Miller ar na sleachta a chuireann sé i láthair i gcomhthéacs saothar iomlán an Chúndúnaigh agus i gcomhthéacs liteartha na Gaelainne san aois sin féachaint an dtacaíonn saothar an Chúndúnaigh le téiseanna Miller.

*Tagairtí:* [1] Kerby A. Miller, Emigrants and Exiles: Ireland and the Irish Exodus to North America (Oxford: Oxford University Press, 1985), Yi-Fu Tuan, Space and Place: The Perspective of Experience (Minneapolis: University of Minnesota Press, 1977), 154. [2] Miller, 6, 8, 24, 235.

14. Róisín Nic Dhonncha, **'De Thógáil na hÁite Seo': Gnéithe den Ómós Áite sa Seanchas Pearsanta**

    Ba dhona an mhaise é beag is fiú a dhéanamh den fhorlámhas atá ag an gcaidreamh idir an duine agus a thimpeallacht áitiúil mar cheann de na tréithe is treise atá luaite leis an mbéaloideas agus an eitneagrafaíocht ó dheireadh an naoú haois déag i leith. Réamhtheachtaí den logainmníocht ab ea lucht éigse agus seanchais lena scéalta bunúis agus mínithe a chuimsigh cuid shuntasach de chorpas béil na Gaeilge sular tháinig an réimse eolais sin chun cinn ar bhonn níos struchtúrtha i sciar d'obair Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, agus níos deireanaí, sa bhailiúchán náisiúnta béaloidis. Tarraingím aird sa pháipéar seo ar áiteanna agus spásanna mar phointí tagartha cumhachtacha i sciar den seanchas pearsanta agus den dinnseanchas atá ar coimeád i gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Féachaim go sainiúil le coincheapú a dhéanamh ar an ómós áite sa seánra sin trí iniúchadh ar roinnt de na luachanna a thugann bonn don ómós áite a n-áirím ina measc, comhar, buaine, téagar eacnamaíoch agus fiúntas aeistéitiúil.

15. Máirín Nic Fhionghuin, ***Ó Allt Éireann go Baile Raghnaill: logainmneacha a thugann fianaise ar na ceangail stairiúla idir Éirinn agus Alba***

    Ó thús na meánaoiseanna, tá ceangail stairiúla idir Ghaeltacht na hÉireann agus na hAlban. Tá seo le feiceáil i gcuid de logainmneacha an dá thír. Tugann logainmneacha ar nós Dún Deardail in Albain eolas faoi scéalta Fiannaíochta, a bhí coitianta in Albain chomh maith le hÉireann tráth den saol. Léirítear ómós áite go suntasach sa mbéaloideas a bhaineann le scéal Dheirdre in Albain. Tá an logainm Allt Éireann (Albain) thar a bheith spéisiúil ó thaobh staire agus béaloidis, agus léiríonn sé na ceangail idir Ghaeil na hÉireann agus na hAlban sna meánaoiseanna agus ag tús an nua-aoise. Ar an taobh eile de Shruth na Maoile, tugann logainmneacha ar nós Baile na nGallóglach agus Baile Raghnaill, eolas faoi ghnéithe de stair na meánaoiseanna i gCúige Uladh agus an ceangal le Gaeltacht na hAlban in Éirinn. Agus tá logainmneacha thart ar an teorainn idir Chúige Uladh agus Poblacht na hÉireann a léiríonn an bhaint a bhí ag Gaill na hAlban le Plandáil Uladh. Díreoidh an páipéar seo ar chuid de na logainmneacha sin, a insíonn go leor dúinn faoi na ceangail stairiúla seo agus a thugann fianaise ar chultúr chomónta na nGael san dá thír.

16. Niall Mac Uidhilin agus Michael Bharry Ó Flatharta, **Léiriú ilmhódach an mhic léinn Erasmus Gaeltachta ar ghné de chultúr na háite**
 Caitheann mic léinn 3ú bliain na Gaeilge in OnaG a gcéad sheimeastar ar thréimhse cónaithe Gaeltachta. Mar chuid den chlár acadúil, iarrtar orthu gearrscannán a chur le chéile bunaithe ar ghné de chultúr na háite. Meascann an scannán ábhar príomhúil (agallamh le daoine áitiúla, pictiúir agus físeáin phearsanta) agus ábhar tánaisteach (míreanna fuaime agus físe ó chartlanna éagsúla). Dearadh an cur chuige seo bunaithe ar thaighde Mac Uidhilin (2015, 2017) a léiríonn go gcruthaítear deiseanna saibhrithe teanga tríd an sinéistéise idir míreanna cartlainne ilmhódacha faoin gceantar áitiúil. Déanann an páipéar seo anailís théamach agus cur síos agus ar thréithe na scannán seo agus ar an méid a shealbhaíonn na mic léinn tríd an gcur chuige nuálach seo.

17. Odí Ní Chéilleachair agus Taighdeoirí Óga ó 'Taisce Chois Fharraige', **Léargas na nÓg ar an Togra 'Taisce Chois Fharraige'**
 Ómós áite do cheantar Gaeltachta Chois Fharraige atá sa suíomh idirlín www.taiscecf.ie, cnuasach eolais faoi oirfidigh - ceoltóirí, fonnadóirí, damhsóirí, scéalaithe agus scríbhneoirí - na háite. Tá breis is 80 iontráil ar an suíomh agus is léargas ilghnéitheach atá ann ar shaibhreas agus ar sheachadadh an chultúir san áit. Is iad an grúpa Ceoltóirí Óga Chois Fharraige agus a muintir a bhailigh an t-eolas faoi stiúir an eagarthóra, Odí Ní Chéilleachair. Ba é cumasú na hóige príomhaidhm an togra agus leagadh amach spriocanna seo a leanas. Acmhainn eolais d'ardchaighdeán a chruthú; chuile ghné den obair a dhéanamh as Gaeilge agus béim a leagan ar chanúint shainiúil Chois Fharraige; Óige Chois Fharraige agus a muintir a spreagadh le bheith páirteach i snáitheanna an togra; agus comhoibriú leis an bpobal agus leis na hoirfidigh áitiúla. Pléifidh an t-eagarthóir agus na daoine óga féin aidhm agus spriocanna an togra agus an chaoi ar threisigh sé (má rinne) an dáimh atá acu lena gceantar dúchais. Mar is cuí, beidh an ceol agus na hamhráin lárnach sa chaint.